

Ógras: Baill an Bhoird (<https://www.activelink.ie/node/80782>)



Cúlra

Is eagraíocht óige é Ógras atá ag obair le daoine óga ó 7-18 bliain d'aois ar bhun uile-oileánda le breis agus 50 bliain. Tá Ógras ag obair i dtreo an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn i measc an óige agus déantar é sin trí spásanna sábháilte a chur ar fáil a spreagann daoine óga agus a thacaíonn le neartú muiníne agus forbairt shóisialta.

An Ról: Tá Ógras ag lorg baill don Bhord Stiúrtha nua le taithí margaíochta / airgeadas agus nó pleanáil straitéiseach. Má tá taithí nó eolas agat sna réimsí seo agus gur mhaith leat cuidiú linn ba bhreá linn cloisteáil uait.

Dualgaisí: Tacaíocht a thabhairt le straitéis margaíochta agus toimsiú airgid a fhorbairt a chabhróidh linn in Ógras spriocanna agus aidhmeanna na heagraíochta a bhaint amach.

Cruinnithe: Beidh timpeall 5-6 chruinniú ag an Bhord Stiúrtha i rith na bliana agus de ghnáth bíonn siad ar siúl timpeall Bhaile Átha Cliath nó Cill Dara ach faoi láthair tá siad ar siúl tríd an chóras Zoom.

Ní foctar aon tuarastáil le baill an Bhoird ach déantar aisíoc ar chostais taistil agus cothaithe.

Baill ag teastáil don Bhord Stiúrtha le taithí Margaíochta nó Airgeadas agus nó Pleanáil

Faoi láthair tá Ógras ag lorg ceathrar (4) ball nua don Bhord Stiúrtha le béim faoi leith ar na inniúlachtaí seo a leanas:

- Pleanáil Straitéiseach
- Margaíocht agus tiomsú airgid
- Bainistiú Riosca

Bheadh sé ina bhuntáiste eolas nó taithí a bheith ag an duine /daoine ar na réimsí seo a leanas

- Taithí san earnáil óige agus nó san earnáil dheonach/pobal
- Eolas ar Rialachas Corparáideach
- Taithí mar cheannaire nó mar bhainisteoir
- Táithí mar bhall de Bhord roimhe seo

Tá sé riachtanach go mbeidh Gaeilge líofa ag an duine/daoine le feidhmiú mar bhall de Bhord Stiúrtha Ógras.

Tuilleadh eolais le fáil ag www.ogras.ie (<http://www.ogras.ie>)

Seol an fhoirm iarratais comhlánaithe ar ais chuig maedhbh@ogras.ie (<mailto:maedhbh@ogras.ie>)

Region

Bhaile Átha Cliath / Cill Dara / Ar Líne

Date Entered/Updated

22nd Mar, 2021

Expiry Date

22nd May, 2021

Attachment	Size
baill-nua-ag-teastail-ar-bhord-stiurtha-ogras.docx	38.76 KB

Source URL: <https://www.activelink.ie/community-exchange/volunteering/80782-ogras-baill-an-bhoird>